

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE
EARRACH 2022**

OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

Triail Chluastuisceana– 100 MARC

Thart ar 50 nóiméad don triail seo. Gach ceist a fhreagairt as gach Roinn. Do gach ceist cuir ‘tic ’ i mbosca amháin gach uair.

Líon na boscaí seo, le do thoil:-

Uimhir Scrúdaithe	Uimhir PPS	Uimhir Oide

ROINN A: FÓGRAÍ

Seinnfear trí fhógra sa Roinn seo. Seinnfear gach fógra díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

FÓGRA I

1. Cén ról atá ag Máire Nic an Rí in C.O.G.G.?

Oifigeach Oideachais.

Oifigeach na Múinteoirí.

Oifigeach na dTuismitheoirí.

Oifigeach Corpoideachais.

2. Cén t-ábhar bunscoile a mbaineann an Padlet leis?

Gaeilge.

Stair.

Corpoideachas.

Béarla.

3. Chomh maith le múinteoirí bunscoile, cén grúpa eile a mbeadh an Padlet áisiúil dóibh?

Múinteoirí Meánscoile.

Léachtóirí.

Oifigigh Oideachais.

Tuismitheoirí.

4. Cén saghas cluichí a thaispeántar ar na físeáin?

Chluichí Boird.

Cluichí Clóis.

Cluichí Peile.

Cluichí Cártaí.

5. Céard atá ar fáil trí ríomhphost a chur chuig eolas@cogg.ie?

Eolas faoi *Gaeloideachas*.

Luaschártaí.

Físeáin.

Tuilleadh eolais faoi na háiseanna go léir a chuireann C.O.G.G. ar fáil.

FÓGRA II

1. Cé a d'eisigh an fógra?

Florence Gavin.

Mata Go Deo!

An Gúm.

Múinteoirí Matamaitice.

2. Cén ról a bhí ag Florence Gavin sa tsraith nua?

Ba í eagarthóir na sraithe.

Scríobh sí an tsraith.

Ba í dearthóir na sraithe.

Ba í comhairleoir na sraithe.

3. Cé na ranganna ar a bhfuil an tsraith dírithe?

Na Naíonáin Shóisearacha amháin.

Rang a Trí agus Rang a Dó amháin.

Na ranganna bunscoile go léir.

Rang a Sé amháin.

4. Céard ar a bhfuil an tsraith bunaithe?

Leabhair eile.

Teoiricí *An Gúm*.

Measúnú.

Taighde.

5. Conas is féidir eolas eile a fháil faoin tsraith?

Trí ríomhphost a chur.

Trí ghlaao a chur.

Ar an suíomh idirlín.

Trí litir a chur.

FÓGRA III

1. Cén grúpa a bhfuil an fógra dírithe orthu?

Múinteoirí meánscoile.

Tuismitheoirí.

Múinteoirí bunscoile.

Páistí.

2. Cén praghas atá ar an bpóstaer?

10 euro.

0 euro.

1 euro.

100 euro.

3. Luaigh buntáiste amháin de chuid chumhacht na gaoithe a gcuireann an póstaer béim air?

Bíonn an leictreachas níos cumhachtaí.

Tá sí ar fáil do bhunscoileanna.

Tá sí saor in aisce.

Tá sí go maith don phláinéad.

4. Lasmuigh de ghual, cén breosla eile a luaitear a bhfuil lorg carbóin ard aige?

Gás.

Ola.

Móin.

Adhmad.

5. Céard is gá a dhéanamh chun níos mó eolais a fháil faoin athrú aeráide?

Ríomhphost a chur.

Litir a scríobh.

Foirm speisialta a líonadh isteach.

Glaó a chur.

ROINN B: COMHRÁITE

Seinnfear trí chomhrá sa Roinn seo. Seinnfear gach comhrá díobh faoi thrí. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

COMHRÁ I

1. Cathain a chuala Nóra faoi bhás Mháire Mhac an tSaoi?

Dé Domhnaigh.

Arú inné.

Inné.

Amárach.

2. Cén saghas leabhair é *The Same Age as The State*?

Beathaisnéis.

Dírbheathaisnéis.

Úrscéal.

Dán.

3. Cén post a bhí ag Máire Mhac an tSaoi nuair a bhí sí ag obair sa Fhrainc?

File.

Scríbhneoir.

Taidhleoir.

Abhcóide.

4. Cén gaol a bhí ag Máire Mhac an tSaoi le Pádraig de Brún?

Ba é Pádraig de Brún a huncail.

Ba é Pádraig de Brún a hathair.

Ba é Pádraig de Brún a seanathair.

Ba é Pádraig de Brún a deartháir.

5. Cá bhfuil ‘Tigh na Cille’?

Sa Spáinn.

I nGaeltacht Chorcaí.

I nGaeltacht Chorca Dhuibhne.

Sa Fhrainc.

Ar lean →

COMHRÁ II

1. Cá bhfuil teach nua Aislinge suite?

I bPort Omna.

Gar do Phort Omna.

I lár an Spidéil.

Gar don Spidéal.

2. Conas a théann Síle ar scoil gach lá?

Téann sí sa charr.

Siúlann sí.

Téann sí ar an traein.

Téann sí ar a rothar.

3. Cén áit a raibh an teach a dhíol Aisling suite?

Gar don Spidéal.

I mBaile Átha Cliath.

I bPort Omna.

I gCathair na Gaillimhe.

4. Céard atá ar chúl an tí nua?

An fharraige.

Crainn.

Gairdín.

Paitió.

5. Cén cuireadh a thugann Aisling d'Éamon?

Dul ar shiúlóid Dé Sathairn.

Cuairt a thabhairt ar an teach nua.

Cupán caife a ól léi Dé Domhnaigh.

Dul ag siopadóireacht Dé Sathairn.

COMHRÁ III

1. Lasmuigh d'obair an tí, céard eile a rinne Moya Dé Sathairn?

Bhuail sí le cara.

Bhí sí ag garraíodóireacht.

Nígh sí na héadaí.

An tsiopadóireacht.

2. Cá fhad a thóg an tsiúlóid ar Mhoya agus a clann?

2 uair agus 2 nóiméad.

2 uair agus 4 nóiméad.

2 uair agus 40 nóiméad.

2 uair agus 45 nóiméad.

3. Cén áit gar don chaisleán a raibh picnic ag Moya agus a clann?

Sa charchlós.

I bpáirc mhór.

Sna gairdíní.

Ar bhruach an locha.

4. Cén moladh a thugann Moya do Phól?

Teacht ar cuairt chuici.

Triail a bhaint as an tsiúlóid.

Fanacht thar oíche sa chaisleán.

Gan a mhadra a thabhairt leis.

5. Cén riail atá ann maidir le madraí ar an tsiúlóid?

Caitear iad a choinneáil ar iall.

Bíonn orthu fanacht sa charchlós.

Ní cheadaítear iad ag an deireadh seachtaine.

Níl cead acu a bheith ar an tsiúlóid.

ROINN C: MÍREANNA NUACHTA

Seinnfear trí mhír nuachta sa Roinn seo. Seinnfear gach mír díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

MÍR NUACHTA I

1. Cár seoladh an Plean Gníomhaíochta?

In Uíbh Eachach.

I gCill Orglan.

In Uíbh Fhathaidh.

In Uíbh Fhailí.

2. Lasmuigh de thitim dhaonra, céard eile a rachaidh an Plean Gníomhaíochta i ngleic leis?

Easpa tithíochta.

Athbheochan an Bhéarla.

Dul in aois an phobail.

Easpa oideachais.

3. Cén post atá ag Micheál Ó hÉanaigh?

Oifigeach Teanga.

Bainisteoir.

Bunmhúinteoir.

Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta.

4. Cén grúpa a mbeidh an seisiún eolais dírithe orthu?

Daoine a bhfuil spéis acu bogadh go hUíbh Ráthach.

Daoine a bhfuil spéis acu i ríomhairí.

Daoine atá ag iarraidh a bheith ina mbainisteoirí.

Daoine ón nGaeltacht.

5. Cén ról a bheidh ag an mBainisteoir Tionscnaimh ag an seisiún eolais?

Rúnaí.

Ionadaí.

Freastalaí.

Éascaitheoir.

Ar Lean →

MÍR NUACHTA II

1. Cár seoladh *Cuaille* aréir?

I gConamara.

In Uíbh Fhailí.

Ar líne.

Sa Ghaeltacht.

2. Cé chomh minic is a fhoilsítear *Cuaille* sa bhliain?

3 huaire.

Uair amháin.

4 huaire.

5 huaire.

3. Cén spórt a imríonn Diarmaid Carney?

Iomáint.

Peil.

Cispheil.

Rugbaí.

4. Cén post atá ag Jamie Ó Tuama?

Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael.

Oifigeach Forbartha Gaeilge.

Rúnaí Chumann Lúthchleas Gael.

Bunmhúinteoir.

5. Cén fáth a gcuirfeadh muintir na Gaeltachta spéis san agallamh faoi *Ón Dumhach go dtí an Plantation?*

Baineann sé le stair na Gaeilge.

Baineann sé le cúrsaí peile i gConamara.

Baineann sé le stair *Cuaille*.

Baineann sé le litríocht na Gaeilge.

MÍR NUACHTA III

1. Cé a bhronn airgead ar ‘Eispéireas Aillte Shliabh Liag’?

Údarás na Gaeltachta.

Comhairle Contae Dhún na nGall.

An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Foras na Gaeilge.

2. Céard a dhéanfaidh pobal na Gaeltachta leis an airgead?

An scoil áitiúil a phéinteáil.

An tsiúlóid a uasghrádú.

Teach sléibhe a thógáil.

Caifé a oscailt ar an sliabh.

3. Cén fáth a dtéann turasóirí go Sliabh Liag gach bliain?

Chun dul ag rothaíocht.

Chun am a chaitheamh ag siúl.

Chun freastal ar chainteanna faoi Shliabh Liag.

Chun bia deas a ithe.

4. Cén post atá ag Heather Humphreys?

Cathaoirleach ar an gCumann don Fhorbairt Áitiúil.

Oifigeach Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Rúnaí Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail.

5. Dar le Heather Humphreys, cén fáth a bhfuil áilleacht na hÉireann tugtha faoi deara ag níos mó daoine le déanaí?

Chaith siad a laethanta saoire níos gaire don bhaile le linn na paindéime.

Tá níos mó airgid acu don turasóireacht.

Tá níos mó ama acu do laethanta saoire.

Tá níos mó airgid curtha ar fáil do phobail áitiúla.